

Test Trace Protect Irish

TIONSCADAL TÁSTÁLA AGUS RIANAITHE Arna Nuashonrú 2021

Treoir Chéim ar Chéim

1. AIMSIGH NA hAIRÍONNA

Má thagann casacht leanúnach nó fiabhras ort nó má thagann cailleadh nó athrú ar an bhlas nó ar an bholadh s'agat, ba chóir duitse agus do ghach aon duine i do theaghlach dul i mbun féinaonraithe láithreach bonn.

2. DÉAN IARRATAS CHUN TÁSTÁIL A FHÁIL ANOIS

Tabhair cuairt ar nidirect.gov.uk/coronavirus chun tástáil a chur in áireamh ar líne. Cuir scairt ar 119 muna bhfuil tú in ann tástáil a chur in áireamh ar líne.

3. DÉAN TÚ FÉIN A AONRÚ

Gabh i mbun féinaonraithe go cionn 10 lá i ndiaidh na hairíonna a theacht ort, nó ar feadh tréimhse níos faide má leanann leis an fhiabhras (go dtí 48 uair a chloig ar a laghad i ndiaidh do theocht do choirp a theacht ar ais mar a bhí). Ba cheart do na daoine eile a bhfuil cónaí orthu leat a dhul i mbun féinaonraithe go cionn 10 lá.

4. FAIGH TÁSTÁIL

Tá na tástálacha ar siúl i suíomhanna carrsheirbhíse agus in ionaid siúil isteach mar aon le haonaid tástála soghluaiste. Thig leat an tástáil a dhéanamh ag an bhaile fosta.

5. FAIGH NA TORTHAÍ

Ba cheart duit na torthaí a fháil ar ais faoi cheann 48 uair a chloig. Má fhaigheann tú toradh diúltach, thig leatsa agus baill eile do theaghlach deireadh a chur leis an fhéinaonrú. Má fhaigheann tú toradh deimhneach, gheobhaidh tú teachtaireacht téacs ó lucht an rianaithe teagmála de chuid na Gníomhaireachta Sláinte Poiblí (GSP).

6. CUIR DO CHUID SONRAÍ AR FÁIL

Iarrfaidh siad ort leas a bhaint as an Fhéinrianú Dhigiteach, an tseirbhís ar líne fá choinne an rianaithe teagmhálaithe, chun sonraí na ndaoine a raibh tú i dteagmháil leo a chur ar fáil. Muna dtig leat dul ar líne, seans go gcuirfidh siad scairt ort ón uimhir 028 9536 8888.

7. CUIRFEAR FIOS AR NA TEAGMHÁLAITHE ÓN GSP (An Ghíomhaireacht Sláinte Poiblí)

Gheobhaidh na dlúth-theagmhálaithe teachtaireacht téacs ó lucht Rianaithe SCS (Sláinte agus Cúram Sóisialta), ina molfar dóibh dul i mbun féinaonraithe agus tástáil a chur in áireamh. Cha ndéantar d'ainm a chomhroinnt. Coinneofar na sonraí uilig faoi chosaint go sábháilte.

8. FÉINAONRÚ AGUS TÁSTÁIL NA dTEAGMHÁLAITHE

Iarrfar ar na dlúth-theagmhálaithe dul i mbun féinaonraithe go cionn 10 lá ón uair dheiridh a raibh teagmháil acu leat agus chun tástáil a chur in áireamh. Caithfidh siad féinaonrú a dhéanamh ar feadh na 10 lá ar fad, fiú má fhaigheann siad toradh diúltach.

9. TEAGHLAIGH NA nDLÚTH-THEAGMHÁLAITHE

Muna dtagann airíonna ar bith ar na dlúth-theagmhálaithe, ní chaithfidh baill eile a dteaghlach dul i mbun féinraonraithe. Má thagann airíonna ar na dlúth-theagmhálaithe nó má fhaigheann siad toradh deimhneach, ba chóir dóibh an treoir seo a leanstan, ag toiseacht ar an chéad chéim thuas.

Nuair a bheas cead agat dul amach an athuair, bí slán sábháilte agus tabhair aird ar an chomhairle maidir leis an tsláinte phoiblí.

- Nigh do lámha go mion minic agus seachain lámh a leagan ar d'aghaidh.
- Fan amach ó dhaoine eile agus tú amuigh.
- Déan do chasacht agus do shraoth isteach san uillinn agat nó i bpáipéar síoda, agus caith sa bhocsa bruscair é.
- Caith clúdach aghaidhe agus tú istigh in áiteanna macasamhail siopaí, suíomhanna cúraim sláinte agus ar iompar poiblí.
- Íoslódáil an feidhmchlár StopCOVID NI chun tacú leis an rianú teagmhálaithe.

Is féidir an víreas a scaipeadh fiú amháin muna bhfuil airíonna de le sonrú ort.